# CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 198/2020

## an 11 Nollaig 2020

## lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/2000]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/42 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 37/2010 chun an tsubstaint baimbeirmícin a aicmiú a mhéid a bhaineann lena huasteorainn iarmhar ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/43 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 37/2010 chun an tsubstaint cicleasonaíd a aicmiú a mhéid a bhaineann lena huasteorainn iarmhar ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear na fleasca seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 13 (Rialachán (AE) Uimh. 37/2010 ón gCoimisiún) de Chaibidil XIII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'- **32020 R 0042**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/42 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2020 (IO L 15, 20.1.2020, lch. 2),

- **32020 R 0043**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/43 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2020 (IO L 15, 20.1.2020, lch. 5).'

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/42 agus (AE) 2020/43 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 12 Nollaig 2020, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

([1]) IO L 15, 20.1.2020, lch. 2.

([2]) IO L 15, 20.1.2020, lch. 5.

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Nollaig 2020.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

Sabine MONAUNI